# ELeathanach 460

Dé Luain, an 4 Márta 2024





**BioBeo**

Tá cúrsa ar siúl in Ollscoil Mhá Nuad mar gheall ar an mbithgheilleagar.

Tá scoláirí ón Ísiltír, ó Éirinn agus ón mBruiséil ag obair le chéile.

Tá siad ag foghlaim faoin mbithgheilleagar agus conas aire a thabhairt don domhan.

Tá amhrán álainn ann a dhéanann cur síos ar an mbithgheilleagar. Breathnaigh anseo!

https://www.youtube.com/watch?v=KIKU-xXNNZg

Ghlac na scoláirí ar fad páirt in aireachas foraoise Dé Sathairn. Bhí an-am acu agus d'fhoghlaim siad an-chuid. BioBeo abú! An domhan álainn abú!

https://www.nli.ie/news-stories/news/seachtain-na-gaeilge-2024

Tá go leor imeachtaí ar siúl sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath ar son Sheachtain na Gaeilge.

**Seachtain na Gaeilge 2024.**

Tá Seachtain na Gaeilge ar siul ón 1 Márta go dtí an 17 Marta 2024.

Tiocfaidh deireadh le Seachtain na Gaeilge 2024 ar Lá Fhéile Pádraig.

Ar an lán sin, bíonn paráidí ar siúl i mbailte agus i gcathracha ar fud na tíre agus fiú ar fud an domhain. Cuireann siad dath glas san uisce in Abhainn Chicago gach bliain le breis is seasca bliain anuas.

Is lá an-speisialta d'Éireannaigh ar fud an domhain é, toisc go mbíonn daoine ag ceiliúradh chultúr agus stair na tíre. Bíonn féilte agus searmanais i níos mó ná 200 tír.

Tagann na mílte ó gach cearn den domhan go hÉirinn gach bliain chun ár gcultúr, ár dteanga agus ár n-oidhreacht a cheiliúradh linn. Is lá mór é d'Éireannaigh gan amhras.

